Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Iúil 2024
(OR. en)

10601/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0266(COD)**

CODEC 1413
TRANS 268
CLIMA 226
PE 151

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(an Bhruiséil, an 10-11 Aibreán 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic na rapóirtéirí, Pascal CANFIN (RE, FR) agus Barbara THALER (EPP, AT), tuarascáil ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) agus an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) ina raibh 106 leasú (leasuithe 1 go 106) ar an togra.

Ina theannta sin, chuir an grúpa *The Left* aon leasú amháin síos (leasú 107) agus chuir an grúpa PPE 14 leasú síos (leasuithe 108-121).

## II. VÓTÁIL

Nuair a chaithe sé vóta an 10 Aibreán 2024, ghlac seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa leasuithe 1 go 14, 16 go 106 agus 111 go 113 ar an togra le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasuithe eile.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é.

# P9_TA(2024)0205

## Cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair (COM(2023)0441 – C9-0305/2023 – 2023/0266(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0441),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagail 91(1) agus 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0305/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0070/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

1 *IO C, C/2024/890, 06.02.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/890/oj.*
2 Nár foilsíodh fós san *Iris Oifigiúil*.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá sé réamhriachtanach tacú le hiarrachtaí i dtreo inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht chóras iompair an Aontais chun conair chobhsaí i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 a choinneáil ar bun, agus an tráth céanna ag tabhairt aird chuí ar an ngá atá le fás leanúnach agus iomaíochas an tionscail Eorpaigh a chaomhnú. | (1) Tá sé réamhriachtanach tacú le hiarrachtaí i dtreo inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht chóras iompair an Aontais chun conair chobhsaí i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 a choinneáil ar bun ***ar a dhéanaí***, agus an tráth céanna ag tabhairt aird chuí ar an ngá atá le ***haistriú cothrom agus ionchuimsitheach a áirithiú***, fás leanúnach an tionscail Eorpaigh a chaomhnú agus iomaíochas an tionscail Eorpaigh ***a neartú.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Úsáidtear cuntasaíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa in earnálacha éagsúla – lena n-áirítear iompar – chun sonraí astaíochtaí gás ceaptha teasa a chainníochtú ó ghníomhaíochtaí sonracha gnó agus daoine aonair. Is uirlis chumhachtach í faisnéis níos fearr maidir le feidhmíocht seirbhísí iompair chun dreasachtaí cearta a chruthú le haghaidh úsáideoirí iompair chun roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh, agus chun tionchar a imirt ar chinntí gnó eagraithe agus oibreoirí iompair. Is iad sonraí | (2) Úsáidtear cuntasaíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa in earnálacha éagsúla – lena n-áirítear iompar – chun sonraí astaíochtaí gás ceaptha teasa a chainníochtú ó ghníomhaíochtaí sonracha gnó agus daoine aonair. Is uirlis chumhachtach í faisnéis níos fearr maidir le feidhmíocht seirbhísí iompair chun ***lorg carbóin na soláthairtí poiblí a laghdú***, dreasachtaí cearta a chruthú le haghaidh úsáideoirí iompair chun roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh, agus chun tionchar a imirt ar chinntí gnó eagraithe |

| | |
|---|---|
| iontaofa agus inchomparáide maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an ceanglas foluiteach chun na dreasachtaí sin a chruthú, agus mar sin chun athrú iompraíochta i measc tomhaltóirí agus gnóthaí araon a spreagadh, chun rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip[52] le haghaidh iompair, agus le cuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh. | agus oibreoirí iompair. Is iad sonraí iontaofa agus inchomparáide maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa an ceanglas foluiteach chun na dreasachtaí sin a chruthú, agus mar sin chun athrú iompraíochta i measc tomhaltóirí agus gnóthaí araon a spreagadh, chun rannchuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip le haghaidh iompair, agus le cuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh. |

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún; An Comhaontú Glas don Eoraip; COM(2019) 640 final

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) D’ainneoin spéis páirtithe leasmhara iompair atá ag fás, tá glacadh foriomlán na cuntasaíochta astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh seirbhísí iompair teoranta fós. I bhformhór na gcásanna, ní fhaigheann úsáideoirí faisnéis chruinn maidir le feidhmíocht seirbhísí iompair, agus ní ríomhann agus ní nochtann eagraithe agus oibreoirí seirbhísí iompair a n-astaíochtaí. Breathnaítear glacadh cuntasaíochta astaíochtaí gás ceaptha teasa atá íseal go díréireach i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) go háirithe, arb ionann iad agus formhór mór na ngnóthaí a sholáthraíonn seirbhísí iompair ar mhargadh an Aontais. | (3) D’ainneoin spéis páirtithe leasmhara iompair atá ag fás, tá glacadh foriomlán na cuntasaíochta astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh seirbhísí iompair teoranta fós. I bhformhór na gcásanna, ní fhaigheann úsáideoirí faisnéis chruinn maidir le feidhmíocht seirbhísí iompair, agus ní ríomhann agus ní nochtann eagraithe agus oibreoirí seirbhísí iompair a n-astaíochtaí. Breathnaítear glacadh cuntasaíochta astaíochtaí gás ceaptha teasa atá íseal go díréireach i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) go háirithe, arb ionann iad agus formhór mór na ngnóthaí a sholáthraíonn seirbhísí iompair ar mhargadh an Aontais. ***Go deimhin, bíonn níos mó ualaí airgeadais agus maorlathais os comhair FBManna nuair a chinneann siad a n-astaíochtaí gás*** |

***ceaptha teasa a chur san áireamh.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tagraítear i Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ó Nollaig 2020[54] do dhreasachtaí chun na roghanna iompair is inbhuanaithe a roghnú, laistigh de na modhanna agus tharstu. Áirítear leis na dreasachtaí sin creat Eorpach a chur ar bun chun tomhas comhchuibhithe a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa iompair agus lóistíochta, bunaithe ar chaighdeáin a aithnítear ar fud an domhain, a d'fhéadfaí a úsáid ansin chun meastachán a sholáthar do ghnóthaí agus d'úsáideoirí deiridh ar lorg carbóin a roghanna, agus an t-éileamh ó úsáideoirí deiridh agus tomhaltóirí a mhéadú chun réitigh iompair agus shoghluaiseachta níos inbhuanaithe a roghnú, agus glas-snasú a sheachaint. | (5) ***Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis*** an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste i mí na Nollag 2020, tagraítear do dhreasachtaí chun na roghanna iompair is inbhuanaithe a roghnú, laistigh de na modhanna iompair agus ar fud na modhanna sin, ***agus béim láidir á leagan ar aistriú chuig iarnród do phaisinéirí agus do lasta araon, lena n-áirítear spriocanna nithiúla don dá rud, mar rannchuidiú nithiúil do ról na hearnála iompair maidir leis an sprioc cheangailteach faoi dhlí an Aontais a bhaint amach, a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53a], glanastaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2030 agus an cuspóir neodracht aeráide ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí***. Áirítear leis na dreasachtaí sin creat Eorpach a chur ar bun chun tomhas comhchuibhithe a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa iompair agus lóistíochta, bunaithe ar chaighdeáin a aithnítear ar fud an domhain, a d'fhéadfaí a úsáid ansin chun meastachán a sholáthar do ghnóthaí agus d'úsáideoirí deiridh ar lorg carbóin a roghanna, agus an t-éileamh ó úsáideoirí deiridh agus tomhaltóirí a mhéadú chun réitigh iompair agus shoghluaiseachta níos inbhuanaithe a roghnú, ***lena n-áirítear seachadtaí beartán***, agus glas-snasú a sheachaint. |

[53a] ***Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

[54] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún; An Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don am atá le teacht; COM(2020) 789 final

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Astaítear formhór na ngás ceaptha teasa a bhaineann le hiompar agus le lóistíocht le linn oibriú na feithicle, le linn iompróir fuinnimh a tháirgeadh agus le linn feithicil a mhonarú.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha comhchuibhithe a leagan síos chun cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair lasta agus paisinéara chun figiúirí inchomparáide a bhaint amach le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair agus chun faisnéis mhíthreorach a sheachaint maidir lena bhfeidhmíocht, a eascraíonn as an bhféidearthacht roghnú idir modhanna ríomha astaíochtaí agus sonraí ionchuir éagsúla. Le rialacha den sórt sin, ba cheart cothrom na Féinne a áirithiú idir móid agus deighleoga iompair agus líonraí náisiúnta an Aontais. Ba cheart cuidiú freisin chun dreasachtaí athraithe iompraíochta a chruthú i measc gnóthaí agus custaiméirí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair a laghdú trí ghlacadh agus úsáid sonraí inchomparáide agus iontaofa maidir le hastaíochtaí ceaptha teasa. | (6) Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha comhchuibhithe a leagan síos chun cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair lasta agus paisinéara chun figiúirí inchomparáide a bhaint amach le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair agus chun faisnéis mhíthreorach a sheachaint maidir lena bhfeidhmíocht, a eascraíonn as an bhféidearthacht roghnú idir modhanna ríomha astaíochtaí agus sonraí ionchuir éagsúla. Le rialacha den sórt sin, ba cheart cothrom na Féinne ***idir eintitis iompair an Aontais agus eintitis iompair ó thríú tíortha*** a áirithiú, ***idir*** móid agus deighleoga iompair agus líonraí náisiúnta an Aontais. Ba cheart cuidiú freisin chun dreasachtaí athraithe iompraíochta a chruthú i measc ***comhlachtaí poiblí***, gnóthaí agus custaiméirí ***eile*** chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair a laghdú trí ghlacadh agus úsáid sonraí inchomparáide agus iontaofa maidir le hastaíochtaí ceaptha teasa. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Leis an Rialachán seo, ba cheart creat tagartha a chur ar fáil le haghaidh bearta laghdaithe astaíochtaí eile a d’fhéadfadh údaráis phoiblí agus an earnáil tionsclaíochta a dhéanamh a thuilleadh, lena n-áirítear i gcás ina mbunaítear clásail trédhearcachta um ghás ceaptha teasa i gconarthaí iompair, ina soláthraítear faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha | (7) ***Ba cheart don*** Rialachán seo ***creat tagartha a sholáthar chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a nochtadh ar bhonn deonach nó conarthach nó mar gheall ar oibleagáidí faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta.*** Leis an Rialachán seo, ***ba*** cheart creat tagartha a chur ar fáil le haghaidh bearta laghdaithe astaíochtaí eile a d’fhéadfadh údaráis phoiblí agus an |

| | |
|---|---|
| teasa rogha taistil nó seachadta do phaisinéirí nó do chustaiméirí, nó ina socraítear critéir a bhaineann leis an aeráid le haghaidh nósanna imeachta soláthair glasa. | earnáil tionsclaíochta a dhéanamh a thuilleadh, lena n-áirítear i gcás ina mbunaítear clásail trédhearcachta um ghás ceaptha teasa i gconarthaí iompair, ina soláthraítear faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa rogha taistil nó seachadta do phaisinéirí nó do chustaiméirí, nó ina socraítear critéir a bhaineann leis an aeráid le haghaidh nósanna imeachta soláthair glasa. ***I gcás ríomhthráchtála agus seachadtaí beartán, d'éascódh sé comhlíonadh an cheanglais, mar aon leis an bhfaisnéis reatha maidir le dáta seachadta measta, praghas gaolmhar, agus astaíochtaí gaolmhara de gach rogha.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) D'ainneoin buntáistí a eascraíonn as an trédhearcacht mhéadaithe maidir le feidhmíocht seirbhísí iompair, bheadh cur i bhfeidhm sainordaitheach an Rialacháin seo ar na heintitis uile a sholáthraíonn seirbhísí iompair ar mhargadh an Aontais díréireach agus bheadh costais agus ualach iomarcach ann dá thoradh. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le heintitis a dhéanann cinneadh nó atá faoi cheangal ag córais reachtacha nó neamh-reachtacha ábhartha eile faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh agus a nochtadh maidir le seirbhísí iompair lasta nó paisinéara a thosaíonn nó a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais. Dá dheasca sin, áirítear leis sin seirbhísí ag a bhfuil pointí tionscnaimh nó cinn scríbe atá lonnaithe i dtríú tír. | (8) D'ainneoin buntáistí a eascraíonn as an trédhearcacht mhéadaithe maidir le feidhmíocht seirbhísí iompair, bheadh cur i bhfeidhm sainordaitheach an Rialacháin seo ar na heintitis uile a sholáthraíonn seirbhísí iompair ar mhargadh an Aontais díréireach agus bheadh costais agus ualach iomarcach ann dá thoradh. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ach amháin maidir le heintitis a dhéanann cinneadh nó atá faoi cheangal ag córais reachtacha nó neamh-reachtacha ábhartha eile faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh agus a nochtadh maidir le seirbhísí iompair lasta nó paisinéara a thosaíonn nó a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais. Dá dheasca sin, áirítear leis sin seirbhísí ag a bhfuil pointí tionscnaimh nó cinn scríbe atá lonnaithe i dtríú tír. ***Go deimhin, chun a áirithiú go dtabharfar cuntas ar na seirbhísí iompair*** |

***ábhartha uile agus chun cothrom iomaíochta a ráthú idir eintitis iompair an Aontais agus eintitis iompair ó thríú tíortha, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí iompair a thosaíonn agus a chríochnaíonn lasmuigh de chríoch an Aontais ach a stopann san Aontas chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil nó chun earraí a luchtú nó a dhíluchtú.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) ***Níor*** cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hidirghabhálaithe sonraí, amhail iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí digiteacha le haghaidh soghluaisteacht ilmhódach, i gcás nach ríomhann siad faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair ***go díreach*** agus nach nochtann siad ach faisnéis maidir leis na hastaíochtaí siúd ***a sholáthraíonn eintiteas lena mbaineann nó duine dlíthiúil nó nádúrtha ábhartha eile***. ***Mar sin féin,*** ba cheart ***idirghabhálaithe sonraí*** a bheith faoi cheangal ag na rialacha ábhartha a bhaineann le cumarsáid agus trédhearcacht na sonraí nochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, chun inchomparáideacht na sonraí sin ar an margadh a áirithiú. | (9) Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le hidirghabhálaithe sonraí, amhail iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí digiteacha le haghaidh soghluaisteacht ilmhódach, ***chomh maith leis na seirbhísí um nascleanúint dhigiteach agus seirbhísí an phleanáil bealaigh turais, nuair a ríomhann siad faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair go díreach, lena n-áirítear nuair a chomhcheanglaíonn faisnéis maidir leis na hastaíochtaí siúd a sholáthraíonn eintiteas lena mbaineann nó duine dlíthiúil nó nádúrtha ábhartha eile***. Ba cheart ***d'idirghabhálaithe sonraí*** i gcás nach ríomhann siad faisnéis faoi astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair ach nach nochtann siad ach faisnéis faoi na hastaíochtaí sin a bheith faoi cheangal rialacha ábhartha a bhaineann le trédhearcacht na sonraí nochta maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus iad a chur in iúl, chun inchomparáideacht na sonraí sin ar an margadh ***agus thar mhodhanna iompair*** a áirithiú. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Cuireann idirghabhálaithe sonraí a thairgeann seirbhísí digiteacha le haghaidh soghluaisteacht ilmhódach roinnt roghanna ar fáil do thomhaltóirí bunaithe ar am taistil, ar chostais ghaolmhara agus ar mhodh taistil. Ba cheart freisin go mbeadh na hidirghabhálaithe sonraí sin in ann faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí faoi astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le turas ar leith. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar eintitis lena mbaineann nó ar dhaoine dlítheanacha nó nádúrtha ábhartha eile an fhaisnéis sin a sholáthar d'idirghabhálaithe sonraí.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Ba cheart aon mhaíomh a dhéantar ar bhonn sonraí aschuir arna dtuairisciú i gcomhréir leis an Rialachán seo a bheith i gcomhréir iomlán le Treoir (AE) (....)/(....) maidir le bunús na maíomh shainráite comhshaoil agus iad a chur in iúl (an Treoir maidir le Maímh Ghlasa) chomh maith le Treoir (.....)/(....) lena leasaítear Treoir 2005/29/CE agus Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le*** |

***tomhaltóirí a chumhachtú don aistriú glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Is príomhghné amháin de chreat comhchuibhithe an Aontais a leagtar amach leis an Rialachán seo é modh ceart chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a ríomh. Leis an modh sin, ba cheart a áirithiú go soláthraítear leis na ríomhanna astaíochtaí a dhéantar feadh slabhra iompair sonraí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa atá inchomparáide agus cruinn, trí shraith aonair céimeanna modheolaíocha a leanúint. Ba cheart riachtanais an mhargaidh iompair a chur san áireamh go leormhaith leis freisin, chun castacht gan ghá, agus ualach agus costais iomarcacha a sheachaint, agus chun go nglacfaidh geallsealbhóirí leis. | (11) Is príomhghné amháin de chreat comhchuibhithe an Aontais a leagtar amach leis an Rialachán seo é modh ceart chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a ríomh. Leis an modh sin, ba cheart a áirithiú go soláthraítear leis na ríomhanna astaíochtaí a dhéantar feadh slabhra iompair sonraí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa atá inchomparáide agus cruinn, trí shraith aonair céimeanna modheolaíocha a leanúint. Ba cheart riachtanais an mhargaidh iompair a chur san áireamh go leormhaith leis freisin, chun castacht gan ghá, agus ualach agus costais iomarcacha a sheachaint, ***go háirithe do FBManna***, agus chun go nglacfaidh geallsealbhóirí leis. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ***Roghnaíodh*** caighdeán EN ISO 14083:2023, a d'fhoilsigh an Coiste Eorpach um Chaighdeánú[57] i mí Aibreáin 2023, agus lena trasuitear | (12) ***Ba cheart*** caighdeán EN ISO 14083:2023, a d'fhoilsigh an Coiste Eorpach um Chaighdeánú[57] i mí Aibreáin 2023, agus lena trasuitear |

caighdeán ISO 14083:2023, mar an mhodheolaíocht tagartha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a ríomh faoin Rialachán seo. Léiríodh leis an anailís gur cruthaíodh gurb é caighdeán ISO 14083:2023 an modheolaíocht is ábhartha agus is comhréirí chun dul i ngleic le cuspóirí an Rialacháin seo. Déantar cainníochtú na n-astaíochtaí ar bhonn ón tobar go dtí an roth, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as soláthar fuinnimh agus úsáid feithiclí le linn oibríochtaí iompair agus moil.

[57] https://www.cencenelec.eu

caighdeán ISO 14083:2023, a bheith mar an mhodheolaíocht tagartha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ***ón tobar go dtí an roth*** seirbhísí iompair a ríomh faoin Rialachán seo. Léiríodh leis an anailís gur cruthaíodh gurb é caighdeán ISO 14083:2023 an modheolaíocht is ábhartha agus is comhréirí chun dul i ngleic le cuspóirí an Rialacháin seo, ***lena n-áirítear glacadh gasta ar an margadh agus inchomparáideacht na sonraí***. Déantar cainníochtú na n-astaíochtaí ar bhonn ón tobar go dtí an roth, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as soláthar fuinnimh agus úsáid feithiclí le linn oibríochtaí iompair agus moil.

[57] https://www.cencenelec.eu

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Tá teorainn le caighdeán EN ISO 14083:2023, go háirithe an ganntanas nach mbreithníonn sé astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shaolré iomlán na seirbhísí iompair. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht raon feidhme na modheolaíochta tagartha chun go leathnófar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí iompair a ríomh go luath amach anseo chun foráil a dhéanamh maidir le ríomh agus tuairisciú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa saolré ó sheirbhísí iompair. Leis an modheolaíocht a bheidh ann amach anseo, ba cheart glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus forálacha Airteagal 14, mír 5 de*** |

***Threoir 2003/87/CE a chur san áireamh. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh ar iarrachtaí atá ann cheana amhail ISO 14067:2018 agus Rialacha na Catagóire Táirge maidir le seirbhísí iompair a bunaíodh sa Chóras Idirnáisiúnta um Dhearbhú ar Tháirgí Comhshaoil.***

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12b) Ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus le comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú na mBallstát a áirithiú go mbeadh rochtain ag an earnáil iompair ar an gcaighdeán ISO 14083:2023 nó ar an gcaighdeán Eorpach coibhéiseach CEN ISO 14083 saor in aisce a mhéid a bhaineann le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ('FBManna') mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún. Ba cheart na caighdeáin a bheith inrochtana ina leaganacha barántúla agus i dteangacha oifigiúla uile an Aontais chun an Rialachán seo a dhéanamh go hiomlán inrochtana dóibh siúd go léir atá faoina réir.*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12c) Foráiltear le hAirteagal 2 CAE go bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe ar*** |

***phrionsabal an smachta reachta, lena gceanglaítear saor-rochtain ar dhlí an Aontais do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha uile an Aontais Eorpaigh, agus nach mór do dhaoine aonair a bheith in ann a gcearta agus a n-oibleagáidí a fhionnadh go soiléir (breithiúnas an 22 Feabhra 2022, Stichting Rookpreventie Jeugd agus páirtithe eile, C-160/20, mír 41). Leis an saor-rochtain sin, ní mór, go háirithe, a chur ar chumas aon duine a bhfuil an dlí ag iarraidh a chosaint a fhíorú, laistigh de na teorainneacha a cheadaítear faoin dlí, go gcomhlíonann seolaithe na rialacha a leagtar síos leis an dlí sin na rialacha sin. Dá bhrí sin, de bhua na n-éifeachtaí a thugtar dó le reachtaíocht an Aontais, is féidir le caighdeán comhchuibhithe cearta a thugtar do dhaoine aonair agus oibleagáidí atá orthu a shonrú agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá leis na sonraíochtaí sin chun a fhíorú an gcomhlíonann táirge nó seirbhís ar leith ceanglais bhunriachtanacha na reachtaíochta sin i ndáiríre.***

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12d) Ina breithiúnas an 27 Deireadh Fómhair 2016 i gcás C-613/14, chinn an Chúirt go bhfuil caighdeán comhchuibhithe, a glacadh ar bhonn treorach agus ar foilsíodh na tagairtí dó in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, ina chuid de dhlí an Aontais de bharr a éifeachtaí dlíthiúla. Ina breithiúnas an 5 Márta 2024 i gcás C-588/21 P, chinn an Chúirt gurb ann do leas sáraitheach poiblí, de réir bhrí an chlásail dheireanaigh d'Airteagal 4(2) de Rialachán Uimh. 1049/2001, ar leas sáraitheach poiblí é a eascraíonn as*** |

***prionsabail an smachta reachta, na trédhearcachta, na hoscailteachta agus an dea-rialachais, agus a thugann bonn cirt le caighdeáin chomhchuibhithe shonracha a nochtadh, ós rud é go bhfuil na caighdeáin sin ina gcuid de dhlí an Aontais mar gheall ar a n-éifeachtaí dlíthiúla.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12e) Meastar go ginearálta go n-áirítear in astaíochtaí saolré iomlán na hastaíochtaí ceaptha teasa ón tobar go dtí an roth, agus astaíochtaí ó tháirgeadh na bhfeithiclí, ó chothabháil na bhfeithiclí agus ó dhiúscairt na bhfeithiclí, chomh maith le bonneagar a mhéid is ábhartha, mar a leagtar amach i Moladh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún. Ar chúiseanna comhréireachta agus chun teorainn a chur le castacht riaracháin agus le costais cur chun feidhme, níor cheart bonneagar a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar astaíochtaí saolré chun críocha an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart aird a thabhairt gan | (13) Ba cheart aird a thabhairt gan |

imeacht ó roghanna modheolaíochta bunaidh chaighdeán EN ISO 14083:2023, chun neamhréireachtaí a sheachaint i ríomh astaíochtaí ceaptha teasa seirbhísí iompair ar an margadh, go háirithe i gcomhthéacs na slabhraí iompair idirnáisiúnta. Mar sin féin, ***ó am go ham***, is iomchuí measúnú a dhéanamh ar an ngá ***atá*** le coigeartú féideartha a dhéanamh ar EN ISO 14083:2023 ó pheirspictíocht bheartais an Aontais, chomh maith le leasuithe amach anseo ar an gcaighdeán sin a d’fhéadfadh an Coiste Eorpach um Chaighdeánú nó comhlacht inniúil eile a dhéanamh. ***I gcás*** ina ***léirítear*** leis na measúnuithe sin riosca go bhféadfadh cuid áirithe den chaighdeán míchothromaíochtaí míchuí a chruthú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair i ndeighleoga sonracha an mhargaidh á ríomh nó go mbeadh neamhréireachtaí idir an caighdeán sin agus cuspóirí an Rialacháin seo nó dlí eile is infheidhme de chuid an Aontais, d’fhéadfadh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, cuimhneamh ar iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú an caighdeán a athbhreithniú dá réir, nó cinneadh a dhéanamh an chuid sin den chaighdeán a chur as an áireamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

imeacht ó roghanna modheolaíochta bunaidh chaighdeán EN ISO 14083:2023, chun neamhréireachtaí a sheachaint i ríomh astaíochtaí ceaptha teasa seirbhísí iompair ar an margadh, go háirithe i gcomhthéacs na slabhraí iompair idirnáisiúnta. Mar sin féin, is iomchuí measúnú a dhéanamh ***go tréimhsiúil*** ar an ngá atá ***le*** coigeartú féideartha a dhéanamh ar EN ISO 14083:2023 ó pheirspictíocht bheartais an Aontais, ***lena n-áirítear reachtaíocht atá le teacht***, chomh maith le leasuithe amach anseo ar an gcaighdeán sin a d’fhéadfadh an Coiste Eorpach um Chaighdeánú nó comhlacht inniúil eile a dhéanamh. ***I*** gcás ***ina léirítear leis na*** measúnuithe sin riosca go bhféadfadh cuid áirithe den chaighdeán míchothromaíochtaí míchuí a chruthú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair i ndeighleoga sonracha an mhargaidh á ríomh nó go mbeadh neamhréireachtaí idir an caighdeán sin agus cuspóirí an Rialacháin seo nó dlí eile is infheidhme de chuid an Aontais, d’fhéadfadh An Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, cuimhneamh ar iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú an caighdeán a athbhreithniú dá réir, nó cinneadh a dhéanamh an chuid sin den chaighdeán a chur as an áireamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. ***Ba cheart leasú ar an gcaighdeán nó ar chomhpháirt lena gcruthaítear riosca follasach neamh-chomhoiriúnachta le cuspóirí an Rialacháin seo agus le rialacha eile is infheidhme de chuid an Aontais, go háirithe le cuspóir fadtéarmach aeráide agus spriocanna idirmheánacha an Aontais mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119, agus le dlí aeráide eile de chuid an Aontais, a eisiamh.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Is féidir cineálacha sonraí ionchuir éagsúla, lena n-áirítear sonraí príomhúla agus sonraí tánaisteacha, a úsáid chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a ríomh. Tagann na torthaí is iontaofa agus is cruinne ó shonraí príomhúla, agus dá bhrí sin ba cheart ***tosaíocht a thabhairt dóibh chun foráil a dhéanamh maidir le glacadh de réir a chéile na sonraí sin*** i bpróisis ríomha astaíochtaí gás ceaptha teasa. Mar sin féin, d'fhéadfaí ***nach*** féidir sonraí príomhúla ***a bhaint amach*** nó go mbeadh sé i bhfad róchostasach do ***gheallsealbhóirí ar leith, FBManna go háirithe.*** Dá bhrí sin, ba cheart úsáid sonraí tánaisteacha a cheadú faoi choinníollacha ***soiléire***. | (15) Is féidir cineálacha sonraí ionchuir éagsúla, lena n-áirítear sonraí príomhúla agus sonraí tánaisteacha, a úsáid chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a ríomh. Tagann na torthaí is iontaofa agus is cruinne ó shonraí príomhúla, agus dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith ***éigeantach*** i bpróisis ríofa astaíochtaí gás ceaptha teasa. Mar sin féin, ***ós rud é*** gur dócha nach féidir sonraí príomhúla ***a chur i gcrích*** nó a bheith róchostasach ***do chuideachtaí beaga agus meánmhéide, ba cheart FBManna a bheith díolmhaithe***. Dá bhrí sin, ba cheart úsáid sonraí tánaisteacha a cheadú faoi ***na*** coinníollacha ***a leagtar amach sa Rialachán seo***. ***Ba cheart do OEManna rochtain ar shonraí laistigh den fheithicil atá ábhartha chun na críche sin a sholáthar do FBManna.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) I gcás ina ndéanfaidh eagraí seirbhíse iompair a chuireann feidhmíocht nithiúil seirbhíse iompair amach ar fochonradh go páirteach nó go hiomlán agus ina gcinneann sé sonraí astaíochtaí gás ceaptha teasa an fhochonraitheora a chomhtháthú ina ríomh foriomlán, ba cheart go mbeadh sé in ann brath ar shonraí tánaisteacha i ndáil leis na seirbhísí iompair a dhéanann an fochonraitheoir nó na*** |

***fochonraitheoirí. Ba cheart solúbthacht a dheonú chun úsáid a bhaint as sonraí tánaisteacha arna soláthar ag fochonraitheoir amháin nó níos mó, fiú má úsáidtear sonraí príomhúla chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh, a thagann as na seirbhísí iompair a dhéanann fochonraitheoirí eile nó cabhlach an eagraí seirbhíse iompair féin.***

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) Tá na Ballstáit in ann dreasachtaí de chineál riaracháin, airgeadais nó oibríochtúil a thabhairt isteach chun úsáid sonraí príomhúla a spreagadh, agus i ndáil leis sin ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún nuair a chuirfidh siad dreasachtaí den sórt sin ar bun, chun go bhféadfaidh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus cothrom iomaíochta a áirithiú.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Maidir le sonraí tánaisteacha, is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a ríomh trí luachanna réamhshocraithe nó sonraí samhaltaithe a | (16) Maidir le sonraí tánaisteacha, is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a ríomh trí luachanna réamhshocraithe nó sonraí samhaltaithe a |

| | |
|---|---|
| úsáid. Mar sin féin, le húsáid luachanna réamhshocraithe agus sonraí samhaltaithe, ba cheart faisnéis chruinn agus iontaofa a sholáthar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair ar leith agus, dá bhrí sin, ba cheart na luachanna réamhshocraithe sin a shocrú agus na sonraí samhaltaithe a fhorbairt ar bhealach neodrach agus oibiachtúil, bunaithe ar fhoinsí iontaofa agus paraiméadair leormhaithe. | úsáid. Mar sin féin, le húsáid luachanna réamhshocraithe agus sonraí samhaltaithe, ba cheart faisnéis chruinn agus iontaofa a sholáthar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair ar leith agus, dá bhrí sin, ba cheart na luachanna réamhshocraithe sin a shocrú agus na sonraí samhaltaithe a fhorbairt ***agus a nuashonrú ar bhonn tráthrialta*** agus ar bhealach neodrach agus oibiachtúil, bunaithe ar fhoinsí iontaofa agus paraiméadair leormhaithe. ***Meastar go bhfuil ag cliseadh ar na seiceálacha cáilíochta teicniúla maidir le cruinneas agus iontaofacht na faisnéise mar thoradh ar bhunachair sonraí agus luachanna réamhshocraithe a d'fhágfadh go ndéanfaí maolaisnéis ar na hastaíochtaí a bheadh mar thoradh orthu i gcomparáid leis na cinn a luaitear i dtuairisciú sonraí príomhúla. Ba cheart na seiceálacha cáilíochta teicniúla sin a athdhéanamh go rialta.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Dá bhrí sin, ba cheart príomhbhunachar sonraí de chuid an Aontais maidir le luachanna réamhshocraithe le haghaidh déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhunú chun inchomparáideacht torthaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a fhaightear agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm a fheabhsú. Mar sin féin, i bhfianaise sainiúlachtaí earnálacha, náisiúnta agus réigiúnacha na luachanna réamhshocraithe sin ar fud an Aontais, ba cheart bunachair sonraí agus tacair sonraí ábhartha eile a oibríonn tríú páirtithe a cheadú ar an | (17) Dá bhrí sin, ba cheart príomhbhunachar sonraí de chuid an Aontais maidir le luachanna réamhshocraithe le haghaidh déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhunú chun inchomparáideacht torthaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a fhaightear agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm a fheabhsú. ***Ba cheart dóthain gráinneachta a bheith sa bhunachar sonraí sin agus ba cheart dó na sainiúlachtaí earnála, náisiúnta agus réigiúnacha a léiriú san Aontas, agus ba cheart táblaí ar leith a bheith ann le haghaidh gach modh*** |

| | |
|---|---|
| gcoinníoll go ndéantar seiceáil cáilíochta teicniúla orthu ar leibhéal an Aontais. | ***iompair, lena n-áiritheofar go dtabharfar cothrom le dáta go rialta agus lena n-ionchorprófar dul chun cinn teicneolaíoch úrscothach maidir le laghdú astaíochtaí i gcás inarb infheidhme.*** Mar sin féin, i bhfianaise sainiúlachtaí earnálacha, náisiúnta agus réigiúnacha na luachanna réamhshocraithe sin ar fud an Aontais, ba cheart bunachair sonraí agus tacair sonraí ábhartha eile a oibríonn tríú páirtithe a cheadú ar an gcoinníoll go ndéantar seiceáil cáilíochta teicniúla orthu ar leibhéal an Aontais. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Ba cheart cur chuige suíomhbhunaithe a spreagadh, ar an mbonn go n-áirithítear tacar luachanna déine atá cruinne agus cothrom le dáta do na Ballstáit éagsúla, agus astaíochtaí a bhaineann le húsáid leictreachais á gcainníochtú ar bhonn luachanna déine astaíochtaí atá cothrom le dáta agus cruinn do gach Ballstát. Tá cur chuige margadhbhunaithe inmhianaithe a thuilleadh, ar choinníoll go n-áiritheofar inrianaitheacht chuí, trí bhíthin conradh inchreidiúnaithe lena ngabhann ráthaíochtaí tionscnaimh. Sna bunachair sonraí a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart figiúirí a úsáid bunaithe ar chur chuige suíomhbhunaithe.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart do chomhlacht neodrach agus inniúil a oibríonn ar leibhéal an Aontais tabhairt faoi fhorbairt agus cothabháil bhunachair sonraí an Aontais maidir le luachanna réamhshocraithe le haghaidh déine astaíochta gás ceaptha teasa agus fachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa, chomh maith le seiceáil cáilíochta teicniúla na mbunachar sonraí agus na dtacar sonraí seachtrach a oibríonn tríú páirtithe. I bhfianaise a sainchúraim, is í an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil is fearr chun an cúnamh is gá a sholáthar chun an chuid seo den Rialachán a chur chun feidhme i gceart. I gcás inarb ábhartha, d’fhéadfadh an obair seo brath ar ranníocaíocht ó chomhlachtaí earnálacha eile an Aontais agus d’fhéadfadh na comhlachtaí sin tacú léi, i gcomhréir le dlí ar leithligh an Aontais. | (19) Ba cheart do chomhlacht neodrach agus inniúil a oibríonn ar leibhéal an Aontais tabhairt faoi fhorbairt agus cothabháil bhunachair sonraí an Aontais de luachanna réamhshocraithe le haghaidh déine astaíochta gás ceaptha teasa agus d’fhachtóirí astaíochta gás ceaptha teasa ***arna mbunú ag an Rialachán seo***, chomh maith le seiceáil cáilíochta teicniúla na mbunachar sonraí agus na dtacar sonraí seachtrach a oibríonn tríú páirtithe. I bhfianaise a sainchúraim, is í an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil is fearr chun an cúnamh is gá a sholáthar chun an chuid seo den Rialachán a chur chun feidhme i gceart. I gcás inarb ábhartha, d’fhéadfadh an obair seo brath ar ranníocaíocht ó chomhlachtaí earnálacha eile an Aontais agus d’fhéadfadh na comhlachtaí sin tacú léi, i gcomhréir le dlí ar leithligh an Aontais. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ceanglaítear le Rialachán (AE) 2015/757[58] agus Treoir 2003/87/CE[59] astaíochtaí ***$CO_2$*** ó longa agus aerárthaí, faoi seach, a bhailiú, a ríomh agus a thuairisciú ar bhonn bliantúil. D’fhéadfadh Rialachán (AE) 2015/757 agus Treoir 2003/87/CE a bheith comhlántach leis na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo go pointe áirithe, go háirithe i dtéarmaí sonraí maidir le breosla dóite a tháirgeadh mar ionchur | (21) Ceanglaítear le Rialachán (AE) 2015/757[58] agus Treoir 2003/87/CE[59] astaíochtaí ***gás ceaptha teasa*** ó longa agus aerárthaí, faoi seach, a bhailiú, a ríomh agus a thuairisciú ar bhonn bliantúil. D’fhéadfadh Rialachán (AE) 2015/757 agus Treoir 2003/87/CE a bheith comhlántach leis na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo go pointe áirithe, go háirithe i dtéarmaí sonraí maidir le |

chun astaíochtaí seirbhísí iompair a chainníochtú. D'fhéadfadh sonraí ionchuir chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a ghiniúint a bheith de thionscnamh chur chun feidhme creataí reachtacha eile, amhail Rialachán (AE) 2019/1242[60] ***agus*** Rialachán (AE) 2019/631[61].

---

[58] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55–76)

[59] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32–46)

[60] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí tromshaothair nua agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) Uimh. 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019)

[61] Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (athmhúnlú) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE.) (IO L 111,

breosla dóite a tháirgeadh mar ionchur chun astaíochtaí seirbhísí iompair a chainníochtú. D'fhéadfadh sonraí ionchuir chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a ghiniúint a bheith de thionscnamh chur chun feidhme creataí reachtacha eile, mar shampla Rialachán (AE) 2019/1242[60]***,*** Rialachán (AE) 2019/631[61] ***agus Rialachán (AE) 2023/2405***[62].

---

[58] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55–76)

[59] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32–46)

[60] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí tromshaothair nua agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) Uimh. 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019)

[61] Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (athmhúnlú) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE.) (IO L 111,

| | |
|---|---|
| 25.4.2019, lch. 13–53) | 25.4.2019, lch. 13–53)<br>[62] Rialachán (AE) 2023/2405 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le cothrom na Féinne a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe (ReFuelEU Aviation) *(IO L 2023/2405, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2405/oj)* . |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Is iomchuí méadrachtaí coiteanna a leagan síos chun sonraí aschuir maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa atá mar bhonn faoi inchomparáideacht na sonraí sin a léiriú agus chun bheith in ann tagarmharcáil éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí iompair éagsúla. Leis na méadrachtaí coiteanna, ba cheart cumarsáid shoiléir ó sholáthraí sonraí agus tuiscint chruinn na cumarsáide sin ag faighteoir sonraí a chumasú. | (22) Is iomchuí méadrachtaí coiteanna a leagan síos chun sonraí aschuir maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa atá mar bhonn faoi inchomparáideacht na sonraí sin a léiriú agus chun bheith in ann tagarmharcáil éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí iompair éagsúla. Leis na méadrachtaí coiteanna, ba cheart cumarsáid shoiléir ó sholáthraí sonraí agus tuiscint chruinn na cumarsáide sin ag faighteoir sonraí a chumasú. ***Sa chiall sin, agus faid á gcinneadh, go háirithe maidir le déine astaíochtaí a bhunú, ba cheart don Choimisiún na rialacha mionsonraithe maidir le húsáid na rogha maidir le Fad Mórchiorclach ('GCD') a shonrú laistigh de ISO14083. Níor cheart go gcuirfeadh na rialacha sin cosc ar úsáid sonraí príomhúla maidir le fad iarbhír, amhail in earnáil an iarnróid.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a) Tá nochtadh faisnéise maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa roimh sholáthar seirbhíse iompair ríthábhachtach chun próiseas cinnteoireachta eolach ag saoránaigh a spreagadh agus chun tionchar a imirt ar chinntí gnó eintiteas a eagraíonn agus a sholáthraíonn na seirbhísí sin ar an margadh. Dá bhrí sin, ba cheart d'eintitis agus d'idirghabhálaithe sonraí lena mbaineann faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le seirbhís iompair ar leith a nochtadh, aon uair is féidir, sula soláthraítear an tseirbhís iompair. Mar sin féin, féadfar faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a nochtadh tar éis an tseirbhís iompair a sholáthar, go háirithe inar gá leibhéal faisnéise níos mionsonraithe le haghaidh na cumarsáide idir cuideachtaí, go háirithe i gcomhthéacs slabhraí lóistíochta agus caidrimh conraidh a chur ar fochonradh.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23b) Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar idirghabhálaithe sonraí an fhaisnéis a ionchorprú go feiceálach ar gach toradh cuardaigh agus rangú astaíochtaí a áireamh mar rogha réamhshocraithe sórtála, trína dtaispeánfaí an rogha is neamhdhíobhálaí don chomhshaol ar dtús, chomh maith le comparáid éasca*** |

***idir roghanna éagsúla módacha, lena n-áirítear úsáid feithicle príobháidí mar aon le roghanna rothar i gcás inarb iomchuí. Ba cheart d'oibreoirí ríomhthráchtála na hastaíochtaí seirbhísí iompair a bhaineann leis na roghanna éagsúla beartseachadta a thaispeáint freisin, in éineacht leis an dáta agus an costas measta atá ar fáil faoi láthair. Ba cheart na sonraí aschuir a bhaineann le hastaíochtaí iarbhír na seirbhíse iompair a sholáthar freisin tar éis í a thabhairt chun críche.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Féadfaidh uirlisí ríomha seachtracha a sholáthraítear ar an margadh le haghaidh na úsáide níos leithne tráchtála agus neamh-thráchtála cuntasaíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a éascú, agus sa chaoi sin tacú lena glacadh ag na grúpaí páirtithe leasmhara níos leithne. Ba cheart úsáid na n-uirlisí sin a dheimhniú chun a ráthú go mbíonn siad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an modheolaíocht tagartha choiteann agus tacar iomchuí sonraí ionchuir a úsáid. | (26) Féadfaidh uirlisí ríomha seachtracha a sholáthraítear ar an margadh le haghaidh na úsáide níos leithne tráchtála agus neamh-thráchtála cuntasaíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a éascú, agus sa chaoi sin tacú lena glacadh ag na grúpaí páirtithe leasmhara níos leithne. Ba cheart úsáid na n-uirlisí sin a dheimhniú chun a ráthú go mbíonn siad i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an modheolaíocht tagartha choiteann agus tacar iomchuí sonraí ionchuir a úsáid. ***Ba cheart a shonrú sa deimhniú an dtacaíonn an uirlis ríomha le ríomhanna bunaithe ar shonraí príomhúla.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Chun nós imeachta coiteann agus atá inchomparáide go héasca a chruthú, chomh maith leis an ualach riaracháin agus airgeadais a laghdú ar eintitis, ar mian leo a n-astaíochtaí a ríomh, go háirithe FBManna, ba cheart don Choimisiún uirlis ríomha phoiblí saor in aisce a fhorbairt lena ráthaítear inrochtaineacht sonraí aschuir agus atá éasca le húsáid agus a bhfuil rochtain éasca uirthi ar líne. Ba cheart treoirdhoiciméid céim ar chéim a bheith ag gabháil leis an uirlis ríomha sin. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcuidíonn an uirlis sin le feasacht a mhúscailt agus go ndreasaíonn sí úsáid sonraí príomhúla chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Le córas fíorúcháin a dheartar go cuí le haghaidh chomhréireacht na sonraí aschuir maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a nochtar ar an margadh agus na próisis ríomha foluiteacha, leis na ceanglais a leagtar amach faoin Rialachán seo, ba cheart muinín as iontaofacht agus cruinneas na sonraí sin a mhéadú go mór. Ba cheart d'eintitis ar a ndearnadh measúnú comhréireachta go rathúil a bheith i dteideal cruthúnas comhlíontachta a fháil, atá le haithint go coiteann ar fud an Aontais. ***I gcás inar áiríodh sonraí*** | (27) Le córas fíorúcháin a dheartar go cuí le haghaidh chomhréireacht na sonraí aschuir maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a nochtar ar an margadh agus na próisis ríomha foluiteacha, leis na ceanglais a leagtar amach faoin Rialachán seo, ba cheart muinín as iontaofacht agus cruinneas na sonraí sin a mhéadú go mór. Ba cheart d'eintitis ar a ndearnadh measúnú comhréireachta go rathúil a bheith i dteideal cruthúnas comhlíontachta a fháil, atá le haithint go coiteann ar fud an Aontais. Ba cheart ***go sonrófar*** sa |

***príomhúla,*** ba cheart ***iad a aithint*** sa chruthúnas comhlíontachta, ***go háirithe*** chun bailiú agus úsáid sonraí príomhúla ag aon eintiteas lena mbaineann na rialacha a leagtar amach leis an Rialachán seo a dhreasú.

chruthúnas comhlíontachta ***sciar na sonraí príomhúla a úsáideadh, chun*** bailiú agus úsáid sonraí príomhúla ag aon eintiteas lena mbaineann na rialacha a leagtar amach leis an Rialachán seo a dhreasú.

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) D'fhéadfadh cuntasaíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa bunaithe ar shonraí príomhúla an méid breosla nó fuinnimh arna ídiú a bhaineann le sannadh custaiméirí sonracha a nochtadh, agus dá bhrí sin, is féidir astaíochtaí a thiontú ar ais ina gcostas oibríochta. Go háirithe in earnáil an iompair lasta, bíonn tionchar diúltach aige sin ar chumhacht idirbheartaíochta FBManna. Dá bhrí sin, níor cheart cead a bheith ag fiontair mhóra astaíochtaí gás ceaptha teasa a iarraidh bunaithe ar shonraí príomhúla ó chomhpháirtithe an tslabhra luacha, go háirithe ó FBManna.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29b) Chun glacadh agus cur chun feidhme cuí an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú*** |

***lena fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí chóras pionós a bhunú. Ba cheart do na pionóis airgeadais a bheith comhréireach agus athchomhairleach, agus ba cheart a chur san áireamh leo aon atarlú i gcás mainneachtana na ceanglais ríomha agus faisnéise a chomhlíonadh nó i gcás ina soláthraíonn eintitis lena mbaineann faisnéis mhíthreorach. Níor cheart go gcruthódh na híosmhéideanna nó na huasmhéideanna arna mbunú aon dreasacht do neamhchomhlíonadh ar bhealach ar bith.***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a thosaíonn nó a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais. | Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha maidir le cuntasaíocht ***agus nochtadh*** a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a thosaíonn nó a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le ***haon eintiteas*** a sholáthraíonn nó a eagraíonn seirbhísí lasta agus paisinéara san Aontas ***a ríomhann*** astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a thosaíonn nó a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais | Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas***:*** |

***agus a nochtann*** faisnéis dhí-chomhiomlánaithe maidir leis na hastaíochtaí sin d'aon tríú páirtí ***chun críoch tráchtála nó rialála***.

***(a)*** Eintitis a sholáthraíonn nó a eagraíonn seirbhísí lasta agus paisinéara san Aontas a ríomhann astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a thosaíonn nó a chríochnaíonn ar chríoch an Aontais agus a nochtann faisnéis dhí-chomhiomlánaithe maidir leis na hastaíochtaí sin do thríú páirtithe;

***(b) idirghabhálaithe sonraí a ríomhann siad faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair go díreach agus nach nochtann siad ach faisnéis maidir leis na hastaíochtaí siúd a sholáthraíonn eintiteas lena mbaineann nó duine dlíthiúil nó nádúrtha ábhartha eile.***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'gás ceaptha teasa' comhábhar gásach den atmaisféar, idir nádúrtha agus antrapaigineach, a ionsúnn agus a astaíonn radaíocht ar thonnfhaid shonracha laistigh de speictream na radaíochta infridheirge a astaíonn dromchla an Domhain, an atmaisféar agus néalta; | (1) ciallaíonn 'gás ceaptha teasa' comhábhar gásach den atmaisféar, idir nádúrtha agus antrapaigineach, a ionsúnn agus a astaíonn radaíocht ar thonnfhaid shonracha laistigh de speictream na radaíochta infridheirge a astaíonn dromchla an Domhain, an atmaisféar agus néalta, ***mar a leagtar amach sa Tuarascáil Mheasúnaithe is déanaí den Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)***; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'idirghabhálaí sonraí' duine dlítheanach nó nádúrtha a bhailíonn ***agus*** a nochtann faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair ***ar bhonn socruithe dlíthiúla, conarthacha nó socruithe ábhartha eile ar leithligh***; | (13) ciallaíonn 'idirghabhálaí sonraí' duine dlítheanach nó nádúrtha a bhailíonn, ***a ríomhann nó*** a nochtann faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ciallaíonn 'fachtóir astaíochta gás ceaptha teasa' comhéifeacht a nascann gníomhaíocht gás ceaptha teasa ***leis*** an astaíocht gás ceaptha teasa; | (17) ***ciallaíonn*** 'fachtóir astaíochtaí gás ceaptha teasa' comhéifeacht a nascann ***sonraí sonraithe*** maidir le gníomhaíocht gás ceaptha teasa ***leis an*** astaíocht gás ceaptha teasa; |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) ciallaíonn 'astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tobar go dtí an roth' astaíochtaí lena léirítear tionchar an gháis cheaptha teasa a thagann ó úsáid feithiclí agus ó | (18) ciallaíonn 'astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tobar go dtí an roth' astaíochtaí lena léirítear tionchar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann ó úsáid feithiclí |

| | |
|---|---|
| sholáthar fuinnimh feithiclí araon | agus ó sholáthar fuinnimh feithiclí araon, ***ar fochuid í d'astaíochtaí saolré iomlán;*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) ciallaíonn 'astaíochtaí saolré iomlán' na hastaíochtaí arb ionann iad agus suim sciar comhfhreagrach na n-astaíochtaí a bhaineann leis an mbonneagar a úsáideann an fheithicil a thógáil, agus na hastaíochtaí a bhaineann le táirgeadh, cothabháil agus deireadh ré na feithicle agus na hastaíochtaí 'ón tobar go dtí an roth';*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ciallaíonn 'luach réamhshocraithe' luach sonraí tánaisteacha a thagann ó fhoinse fhoilsithe, ***a*** ghlactar mar réamhshocrú i gcás easpa sonraí príomhúla nó samhaltaithe; | (23) ciallaíonn 'luach réamhshocraithe' luach sonraí tánaisteacha a thagann ó fhoinse fhoilsithe ***agus arna fhíorú ag comhlacht um measúnú comhréireachta a*** ghlactar mar réamhshocrú i gcás easpa sonraí príomhúla***,*** nó sonraí samhaltaithe; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) ciallaíonn 'eagraí seirbhíse iompair' eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí iompair ina ndéantar oibriú roinnt eilimintí den slabhra iompair a chur ar fochonradh chuig eintiteas amháin nó níos mó a oibríonn iad.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 30 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30b) ciallaíonn 'fochonraitheoir iompair' eintiteas a sholáthraíonn oibríochtaí iompair do ghné amháin nó níos mó den slabhra iompair thar ceann eagraí seirbhíse iompair, faoi shocruithe conarthacha.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhísí iompair a ríomh ar bhonn na modheolaíochta a shainítear i gcaighdeán EN ISO 14083:2023, ina leagan cothrom le dáta, agus ar bhonn na rialacha a leagtar | 1. Déanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa ***ón tobar go dtí an roth*** maidir le seirbhísí iompair a ríomh ar bhonn na modheolaíochta a shainítear i gcaighdeán EN ISO 14083:2023, ina leagan cothrom le dáta, agus ar bhonn na rialacha a leagtar |

amach i gCaibidil III den Rialachán seo.

amach i gCaibidil III den Rialachán seo.

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Faoin... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún rochtain ar chaighdeán EN ISO 14083:2023 saor in aisce, trí shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain éasca air.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le coigeartú a dhéanamh ar aon chomhpháirt den chaighdeán dá dtagraítear i mír 1, ***tráth nach déanaí ná 36 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an*** Rialacháin ***seo***. | 2. ***Tráth nach déanaí ná 36 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo,*** déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le coigeartú a dhéanamh ar aon chomhpháirt den chaighdeán dá dtagraítear i mír 1, ***go háirithe chun a áirithiú go mbeidh sí comhsheasmhach le cuspóir aeráide fadtéarmach an Aontais agus le spriocanna aeráide idirmheánacha an Aontais mar a leagtar síos i*** Rialachán ***(AE) 2021/1119 agus le dlí aeráide agus fuinnimh eile de chuid an Aontais***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin... [24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina leagfar amach modheolaíocht chomhchoiteann de chuid an Aontais chun astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa ó gach modh iompair a ríomh, go háirithe astaíochtaí a eascraíonn as monarú, cothabháil agus diúscairt feithiclí. Cuirfear san áireamh inti go cuí aon mhodheolaíocht le haghaidh astaíochtaí saolré a forbraíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/631, Rialachán (AE) 2023/1542 agus Rialachán (AE) 2019/1242. Déanfar measúnú sa tuarascáil ar an gcur chuige is fearr chun modheolaíocht chomhchoiteann saolré an Aontais a chur chun feidhme chun críche an Rialacháin seo agus, de réir mar is iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil léi láithreach chun an Rialachán seo a leasú.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Mar chuid den mheasúnú dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar indéantacht agus ar thionchair eacnamaíocha, chomhshaoil, sláinte agus shóisialta a bhaineann le cuntasaíocht ar thruailliú aeir, ar seirbhísí iompair iad a thosaíonn nó a chríochnaíonn ar chríoch an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Aontais, a chur san áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh d'fhonn an mhodheolaíocht tagartha dá dtagraítear i mír 1 a shoiléiriú, chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go haonfhoirmeach í ar an margadh a mhéid a bhaineann leis an gcur chuige chun paraiméadair iomchuí a bhaineann le hastaíochtaí a chinneadh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh sula soláthraítear seirbhís, agus, i gcás inarb infheidhme, paraiméadair theicniúla eile a bhaineann le leithdháileadh astaíochtaí nó comhiomlánú eilimintí sonraí nach mínítear go sainráite sa mhodheolaíocht sin. | 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha ***tarmligthe*** a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal ***16*** chun an Rialachán seo a fhorlíonadh d'fhonn an mhodheolaíocht tagartha dá dtagraítear i mír 1 a shoiléiriú, chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go haonfhoirmeach í ar an margadh a mhéid a bhaineann leis an gcur chuige chun paraiméadair iomchuí a bhaineann le hastaíochtaí a chinneadh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh sula soláthraítear seirbhís, agus, i gcás inarb infheidhme, paraiméadair theicniúla eile a bhaineann le leithdháileadh astaíochtaí nó comhiomlánú eilimintí sonraí nach mínítear go sainráite sa mhodheolaíocht sin. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 tosaíocht d'úsáid príomhshonraí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a ríomh. | 1. ***Úsáidfidh*** eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2 ***sonraí príomhúla chun go ríomhfar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhís iompair a sholáthraíonn siad, cé is moite de sheirbhísí a sholáthraíonn*** |

***micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún.*** Tabharfaidh ***FBManna*** tosaíocht d'úsáid príomhshonraí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a ríomh.

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Nuair a oibríonn FBManna mar fhochonraitheoirí iompair, beidh siad in ann brath ar shonraí tánaisteacha, fiú más rud é go bhfuil sonraí príomhúla á n-úsáid ag an eagraí iompair chun go ríomhfar astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as seirbhís iompair a dhéanann fochonraitheoirí iompair eile nó a fhlít féin.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Féadfaidh na Ballstáit dreasachtaí riaracháin, airgeadais nó oibríochtúla a thabhairt isteach chun úsáid sonraí príomhúla a spreagadh agus ba cheart dóibh a gcineál agus a gcreat ama a chur in iúl don Choimisiún.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ceadófar sonraí tánaisteacha a úsáid chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhís iompair a ríomh faoi na coinníollacha seo a leanas: | 2. Ceadófar sonraí tánaisteacha a úsáid chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhís iompair a ríomh ***i gcás FBManna*** faoi na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na scoithchritéir agus dialltaí ón bhfad mórchiorclach ('GCD') a chur i bhfeidhm.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Tabharfaidh Déantóirí Buntrealaimh (‘OEManna’) rochtain leormhaith ar shonraí ábhartha laistigh den fheithicil do FBManna, a mhéid is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, agus fad is ábhartha chun bailiú cruinn sonraí agus ríomhanna ina dhiaidh sin a éascú.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh an Coimisiún, agus cúnamh á fháil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, príomhbhunachar sonraí de chuid an Aontais maidir le luachanna déine astaíochtaí réamhshocraithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a)(i). | 1. Déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, ***agus saineolas geallsealbhóirí ábhartha agus comhlachtaí earnálacha eile de chuid an Aontais á chur san áireamh aige***, croí-bhunachar sonraí de chuid an Aontais de luachanna déine astaíochtaí réamhshocraithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a)(i), ***a bheidh ar fáil saor in aisce***, a bhunú ***laistigh de 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Agus croí-bhunachar sonraí an Aontais de luachanna déine astaíochtaí réamhshocraithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a)(i) á bhunú, cuirfidh an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil tábla ar leith ar fáil do gach modh iompair.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Agus na luachanna réamhshocraithe ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa á bhforbairt aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:***<br><br>***(a) cur chuige suíomhbhunaithe dá bhforáiltear leis an gcaighdeán dá dtagraítear in Airteagal 4 ('an cur chuige suíomhbhunaithe') a chur i bhfeidhm;***<br><br>***(b) na fachtóirí astaíochtaí gás ceaptha teasa arna gcinneadh i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 a chur san áireamh.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Nuair is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa ó leictreachas arna thomhailt ag iompar a chainníochtú tríd an gcur chuige suíomhbhunaithe agus tríd an gcur chuige margadhbhunaithe faoi EN ISO 14083:2023 a úsáid, tuairisceofar an meascán leictreachais margadhbhunaithe, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn J den chaighdeán a luaitear.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Go dtí go mbunófar croí-bhunachar sonraí de chuid an Aontais, féadfaidh eintitis tagairt a dhéanamh do bhunachair sonraí náisiúnta eile, a mheastar a bheith fíoraithe, de bhun Airteagal 13(8) nó a fíoraíodh faoi dhlí eile de chuid an Aontais atá ann cheana, ar choinníoll go mbeidh na sonraí sin ar fáil ar an leibhéal comhiomlánaithe céanna leis an leibhéal a cheanglaítear leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar an bunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 a chothabháil, a thabhairt cothrom le dáta ***agus*** a fhorbairt go leanúnach, agus forbairt úrscothach staid na teicneolaíochta san earnáil iompair agus cuir chuige modheolaíochta nua chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh á gcur san áireamh. | 2. Áiritheoidh an Coimisiún, ***ar bhonn bliantúil ar a laghad,*** go ndéanfar an bunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 a chothabháil, a thabhairt cothrom le dáta, a fhorbairt go leanúnach, ***agus leibhéal iomchuí slándála***, agus forbairt úrscothach staid na teicneolaíochta san earnáil iompair agus cuir chuige modheolaíochta nua chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh á gcur san áireamh. ***Déanfar aon nuashonrú ar na luachanna réamhshocraithe a chur in iúl don phobal gan mhoill. Tar éis nuashonrú den sórt sin, úsáidfidh na heintitis lena mbaineann na sonraí is déanaí atá ar fáil chun a bhfaisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh agus a nochtadh.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheoidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, agus saineolas na ngeallsealbhóirí ábhartha á chur san áireamh, go ndéanfar seiceálacha cáilíochta teicniúla ar luachanna réamhshocraithe le haghaidh déine astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar an gcaoi chéanna leis na seiceálacha is infheidhme maidir le bunachair sonraí nó tacair sonraí arna n-oibriú ag tríú páirtithe.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh rochtain ar an mbunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1, chun luachanna maidir le déine astaíochtaí réamhshocraithe a cheadú nó a úsáid, oscailte don phobal agus saor in aisce. | 3. Beidh rochtain ar an mbunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1, chun luachanna maidir le déine astaíochtaí réamhshocraithe a cheadú nó a úsáid, ***inrochtana go héasca,*** oscailte don phobal agus saor in aisce. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh forbróir bunachair sonraí nó tacair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a)(ii), iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh seiceáil cáilíochta teicniúla ar luachanna réamhshocraithe maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a áirítear sa bhunachar sonraí sin nó sa tacar sonraí sin. Déanfaidh an Coimisiún, agus cúnamh á fháil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, an tseiceáil cáilíochta teicniúla i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4 go 8 den Rialachán seo. | 1. ***Ní fhéadfar bunachar sonraí nó tacar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a)(ii) a úsáid ach amháin chun sonraí tánaisteacha a dhíorthú ar choinníoll go soláthraíonn sé sonraí níos mionsonraithe nó sonraí a bhaineann le hearnáil níos mó ná na sonraí atá san áireamh i gcroí-bhunachar sonraí AE dá dtagraítear in Airteagal 6.*** Déanfaidh forbróir bunachair sonraí nó tacair sonraí dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (a)(ii), iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh seiceáil cáilíochta teicniúla ar luachanna réamhshocraithe maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a áirítear sa bhunachar sonraí sin nó sa tacar sonraí sin. Déanfaidh an Coimisiún, agus cúnamh á fháil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, an tseiceáil cáilíochta teicniúla i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 4 go 8 den Rialachán seo. ***Déanfar an tseiceáil cáilíochta teicniúil*** |

***laistigh de 12 mhí ón iarratas a fháil go hoifigiúil.***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áireofar sa tseiceáil theicniúil cáilíochta ar bhunachair sonraí agus tacair sonraí de luachanna réamhshocraithe le haghaidh déine astaíochtaí gás ceaptha teasa dá dtagraítear i mír 1 comparáid idir astaíochtaí arna dtuairisciú trí shonraí príomhúla a úsáid, agus astaíochtaí toisc go dtuairisceofaí iad trí úsáid a bhaint as an mbunachar sonraí nó as luachanna réamhshocraithe, le haghaidh cásanna úsáide ionadaíocha coibhéiseacha. Maidir le bunachair sonraí agus luachanna réamhshocraithe a d'fhágfadh nach ndéanfaí na hastaíochtaí a bheadh mar thoradh orthu a mhaolaisnéis i gcomparáid leis na cinn a luaitear i dtuairisciú sonraí príomhúla, gheobhaidh siad measúnú diúltach ón tseiceáil cáilíochta theicniúil.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Áiritheofar leis an tseiceáil cháilíochta theicniúil freisin go*** |

***gcomhlíonfaidh bunachair sonraí agus tacair sonraí arna n-oibriú ag tríú páirtithe na rialacha a shonraítear sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2a d'Airteagal 5.***

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní úsáidfear ach bunachair sonraí agus tacair sonraí de luachanna déine astaíochtaí réamhshocraithe a ndearnadh measúnú dearfach orthu sa tseiceáil cáilíochta teicniúla dá dtagraítear i mír 1 chun sonraí tánaisteacha a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 5(2), pointe (a)(ii). | 2. Ní úsáidfear ach bunachair sonraí agus tacair sonraí de luachanna déine astaíochtaí réamhshocraithe a ndearnadh measúnú dearfach orthu sa tseiceáil cáilíochta teicniúla dá dtagraítear i mír 1 chun sonraí tánaisteacha a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 5(2), pointe (a)(ii). ***Foilseoidh an Coimisiún liosta cothrom le dáta de bhunachair sonraí na luachanna réamhshocraithe le haghaidh déine astaíochtaí gás ceaptha teasa arna n-oibriú ag tríú páirtithe a ndearnadh measúnú dearfach orthu agus coinneoidh sé ar bun é. Cuirfear an liosta cothrom le dáta sin ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin tiomnaithe.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tá gá leis an tseiceáil cáilíochta teicniúla ó ***24*** mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm ***an Rialacháin seo,*** ar a dhéanaí. | 3. Tá gá leis an tseiceáil cáilíochta teicniúla ó ***12*** mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm ***a luaitear i mír 1,*** ar a dhéanaí. |

Beidh taifead de mheasúnú dearfach ar an tseiceáil cáilíochta sin bailí ar feadh 2 bhliain.

Beidh taifead de mheasúnú dearfach ar an tseiceáil cáilíochta sin bailí ar feadh 2 bhliain.

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh rochtain ar an mbunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1, chun luachanna maidir le déine astaíochtaí réamhshocraithe a cheadú nó a úsáid, oscailte don phobal agus saor in aisce le haghaidh FBManna.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh an Coimisiún, agus cúnamh á fháil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, bunachar sonraí lárnach de chuid an Aontais d'fhachtóirí astaíochtaí gás ceaptha teasa réamhshocraithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b). | 1. ***Faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, bunóidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, ***agus saineolas geallsealbhóirí ábhartha agus comhlachtaí earnála eile de chuid an Aontais á chur san áireamh***, croí-bhunachar sonraí AE d'fhachtóirí astaíochtaí gás ceaptha teasa réamhshocraithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b). |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***1a. Agus na fachtóirí réamhshocraithe astaíochtaí gás ceaptha teasa á bhforbairt aige, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) cur chuige suíomhbhunaithe dá bhforáiltear leis an gcaighdeán dá dtagraítear in Airteagal 4 ('an cur chuige suíomhbhunaithe') a chur i bhfeidhm;*** |
| | ***(b) na fachtóirí astaíochtaí gás ceaptha teasa arna gcinneadh i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 a chur san áireamh.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***1b. Nuair is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa ó leictreachas arna thomhailt ag iompar a chainníochtú tríd an gcur chuige suíomhbhunaithe agus tríd an gcur chuige margadhbhunaithe faoi EN ISO 14083:2023 a úsáid, tuairisceofar an meascán leictreachais margadhbhunaithe, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn J den chaighdeán thuasluaite.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Go dtí go mbunófar bunachar lárnach sonraí de chuid an Aontais, féadfaidh eintitis tagairt a dhéanamh do bhunachair sonraí náisiúnta eile, a mheastar a bheith fíoraithe, de bhun Airteagal 13(8) nó a fíoraíodh faoi dhlí eile de chuid an Aontais atá ann cheana, ar choinníoll go mbeidh na sonraí sin ar fáil ar an leibhéal comhiomlánaithe céanna leis an leibhéal a cheanglaítear leis an Rialachán seo.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh an Coimisiún, agus cúnamh á fháil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, go ndéanfar an bunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 ***a*** chothabháil, a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt go leanúnach, agus forbairt úrscothacht staid na teicneolaíochta san earnáil iompair agus cur chuige modheolaíochta nua chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh á gcur san áireamh. | 2. Áiritheoidh an Coimisiún, agus cúnamh á fháil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, ***ar bhonn bliantúil ar a laghad***, go ndéanfar an bunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 a chothabháil, a thabhairt cothrom le dáta, a fhorbairt go leanúnach, ***agus leibhéal iomchuí slándála***, agus forbairt úrscothacht staid na teicneolaíochta san earnáil iompair agus cur chuige modheolaíochta nua chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh á gcur san áireamh. ***Déanfar aon nuashonrú ar na luachanna réamhshocraithe a chur in iúl don phobal gan mhoill. Tar éis nuashonrú den sórt sin, úsáidfidh na heintitis lena mbaineann na sonraí is*** |

***déanaí atá ar fáil chun a bhfaisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh agus a nochtadh.***

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Beidh rochtain ar an mbunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1, chun fachtóirí astaíochtaí gás ceaptha teasa réamhshocraithe a cheadú nó a úsáid do na hiompróirí fuinnimh iompair, oscailte don phobal agus saor in aisce. | 3. Beidh rochtain ar an mbunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1, chun fachtóirí astaíochtaí gás ceaptha teasa réamhshocraithe a cheadú nó a úsáid do na hiompróirí fuinnimh iompair, ***inrochtana go héasca,*** oscailte don phobal agus saor in aisce. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 8a*** |
| | ***Tacaíocht rialachais d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide*** |
| | ***1. Faoin... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh uirlis ríomha shimplithe forbartha ag an gCoimisiún le haghaidh FBManna atá inrochtana don phobal, soláimhsithe agus saor in aisce, i gcomhréir le hAirteagal 11. Beidh treoirdhoiciméid chéim ar chéim ag gabháil leis, ina míneofar go soiléir conas a fheidhmíonn*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***an uirlis ríomha sin.***<br>***2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an riosca go bhféadfadh eagraithe seirbhísí iompair na sonraí arna nochtadh ag FBManna atá ag gníomhú mar fhochonraitheoirí faoin Rialachán seo a úsáid le haghaidh cleachtais éagóracha margaidh. Faoin ... [2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, más iomchuí, chun bearta a sholáthar chun rúndacht sonraí atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chosaint.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Is éard a bheidh sna sonraí aschuir ***ar a laghad*** mais iomlán de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (CO2e) in aghaidh na seirbhíse iompair, agus, i ndáil le cineál seirbhíse iompair lena mbaineann, ceann amháin ar a laghad de na méadrachtaí sonraí seo a leanas: | 3. Is éard a bheidh sna sonraí aschuir ná mais iomlán de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (CO2e) in aghaidh na seirbhíse iompair, agus, i ndáil le cineál seirbhíse iompair lena mbaineann, ceann amháin ar a laghad de na méadrachtaí sonraí seo a leanas: |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Nochtfaidh na heintitis lena mbaineann sonraí aschuir ar bhealach soiléir gan débhrí. Nuair a nochtfaidh na heintitis lena mbaineann sonraí aschuir, sa chumarsáid a ghabhann leis an nochtadh sin, áireoidh siad an ráiteas seo a leanas 'Astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tobar go dtí an roth arna ríomh i gcomhréir le Rialachán [tagairt don Rialachán seo] ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***', i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, agus i gcás inar féidir, i dteanga oifigiúil de chuid Ballstáit ar ar a chríoch a dhéantar an tseirbhís. | 1. Nochtfaidh eintitis lena mbaineann sonraí aschuir ar bhealach soiléir agus gan athbhrí ***aon uair is féidir sula soláthrófar seirbhís iompair nó sula dtabharfar an conradh i gcrích***. Nuair a nochtfaidh na heintitis lena mbaineann sonraí aschuir, sa chumarsáid a ghabhann leis an nochtadh sin, áireoidh siad an ráiteas seo a leanas 'Astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tobar go dtí an roth arna ríomh i gcomhréir le Rialachán ***an Aontais*** [tagairt don Rialachán seo]', i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, agus i gcás inar féidir, i dteanga oifigiúil de chuid Ballstáit ar ar a chríoch a dhéantar an tseirbhís. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Féadfaidh na heintitis lena mbaineann an fhaisnéis seo a leanas a thaispeáint go feiceálach:*** |
| | ***(a) an bhfuil a gcuid sonraí faoi réir fíorú bliantúil;*** |
| | ***(b) ar bhain siad úsáid as sonraí príomhúla agus sa chás sin cuirfear na hathróga a díorthaíodh ó shonraí príomhúla ar fáil, nó nár bhain;*** |
| | ***(c) ar bhain siad úsáid as uirlis ríomha an Aontais arna bunú le mír 2a d'Airteagal 9, nó nár bhain.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ***ina bhfaigheann agus*** ina nochtann idirghabhálaí sonraí sonraí aschuir ar bhonn socruithe ar leithligh, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos i mír 1 agus in Airteagal 9(3). Agus sonraí aschuir á nochtadh aige, áireoidh an t-idirghabhálaí sonraí tagairt d'fhoinse na sonraí sin. | 2. I gcás ina nochtann idirghabhálaí sonraí, ***go háirithe na seirbhísí um nascleanúint dhigiteach agus seirbhísí an phleanáil bealaigh turais,*** ar bhonn socruithe ar leithligh, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos i mír 1 agus in Airteagal 9(3). Agus sonraí aschuir á nochtadh aige, áireoidh an t-idirghabhálaí sonraí tagairt d'fhoinse na sonraí sin. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh eintiteas lena mbaineann nó duine dlíthiúil nó nádúrtha ábhartha eile faisnéis maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa na seirbhíse iompair a sholáthar d'idirghabhálaithe sonraí digiteacha. Sonraí aschuir arna nochtadh ag na hidirghabhálaithe sonraí digiteacha, déanfaidh siad an fhaisnéis a ionchorprú go feiceálach ar gach toradh cuardaigh agus rangú astaíochtaí a áireamh mar rogha réamhshocraithe sórtála, trína dtaispeánfaí an rogha is neamhdhíobhálaí don chomhshaol ar dtús, chomh maith le comparáid éasca idir roghanna éagsúla módacha, lena n-áirítear úsáid na bhfeithiclí príobháideacha mar aon le roghanna rothar i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cuirfear ar fáil í arna iarraidh sin d’údarás inniúil, nó do thríú páirtí eile a mhéid a bheidh feidhm ag socruithe dlíthiúla nó conarthacha ar leithligh; | (b) cuirfear ar fáil í arna iarraidh sin d’údarás inniúil, ***i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 13(9)***, nó do thríú páirtí eile a mhéid a bheidh feidhm ag socruithe dlíthiúla nó conarthacha ar leithligh; |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfar na sonraí aschuir agus an fhianaise dá dtagraítear i mír ***5*** a bhunú ar bhealach soiléir gan débhrí, i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais ar a laghad. ***I gcás inar féidir***, cuirfear ar fáil iad i bhfoirm nasc gréasáin, cód QR nó a choibhéis. | 5. Déanfar na sonraí aschuir agus an fhianaise dá dtagraítear i mír ***4*** a bhunú ar bhealach soiléir gan débhrí, i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais ar a laghad. Déanfar iad ***i bhfoirm chomhchuibhithe shimplí***, a bheidh ar fáil i bhfoirm nasc gréasáin, cód QR nó a chomhionann, ***lena gcumasófar idir-inoibritheacht sonraí aschuir agus fianaise thar sholáthraithe éagsúla seirbhísí iompair.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Aon fhaighteoir sonraí aschuir agus fianaise dá dtagraítear i mír ***5***, déanfaidh sé bearta chun rúndacht sonraí tráchtála ábhartha a phróiseáiltear agus a chuirtear in iúl i gcomhréir leis an Rialachán seo a áirithiú, agus áiritheoidh sé nach bhféadfar na sonraí sin a rochtain, a phróiseáil agus a nochtadh ach amháin nuair a údaraítear é. | 7. Aon fhaighteoir sonraí aschuir agus fianaise dá dtagraítear i mír ***4***, déanfaidh sé bearta chun rúndacht sonraí tráchtála ábhartha a phróiseáiltear agus a chuirtear in iúl i gcomhréir leis an Rialachán seo a áirithiú, agus áiritheoidh sé nach bhféadfar na sonraí sin a rochtain, a phróiseáil agus a nochtadh ach amháin nuair a údaraítear é. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh forbróir na huirlise ríomha iarratas faoi bhráid comhlachta um measúnú comhréireachta a dhéanfaidh measúnú ar chomhlíontacht na huirlise ríomha leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4 go 9. I gcás measúnú dearfach, eiseoidh an comhlacht um measúnú comhréireachta deimhniú ar chomhréireacht na huirlise ríomha leis an Rialachán seo. I gcás measúnú diúltach, cuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta na cúiseanna lena mheasúnú diúltach ar fáil don iarratasóir. | 2. Cuirfidh forbróir na huirlise ríomha iarratas faoi bhráid comhlachta um measúnú comhréireachta a dhéanfaidh measúnú ar chomhlíontacht na huirlise ríomha leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4 go 9. I gcás measúnú dearfach, eiseoidh an comhlacht um measúnú comhréireachta deimhniú ar chomhréireacht na huirlise ríomha leis an Rialachán seo ***ina sonrófar an dtacaíonn an uirlis le ríomhanna bunaithe ar shonraí príomhúla***. I gcás measúnú diúltach, cuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta na cúiseanna lena mheasúnú diúltach ar fáil don iarratasóir. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Uirlisí ríomha a úsáideann eintiteas go hinmheánach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seirbhíse iompair a ríomh laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo, déanfar iad a ailíniú freisin leis na ceanglais a leagtar amach leis an modheolaíocht tagartha dá dtagraítear in Airteagal 4(1).*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin oifigiúil liosta de na huirlisí ríomha uile a dheimhnítear i gcomhréir le mír 1 agus mír 2. | 5. Foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin oifigiúil liosta ***atá inrochtana go héasca*** de na huirlisí ríomha uile a dheimhnítear i gcomhréir le mír 1 agus mír 2, ***chomh maith le nasc chuig suíomhanna gréasáin dá dtagraítear i mír 3***. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh na sonraí aschuir dá dtagraítear in Airteagal 9 faoi réir fíorúcháin go gcomhlíonann siad na | 1. Beidh na sonraí aschuir dá dtagraítear in Airteagal 9 faoi réir fíorúcháin go gcomhlíonann siad na |

| | |
|---|---|
| ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4 go 9 den Rialachán seo. | ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4 go 9 den Rialachán seo. ***Déanfar an fíorú ar bhonn bliantúil ar a laghad i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 13(9). Féadfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta, eintiteas eile lena mbaineann nó a chustaiméirí fíorú a iarraidh freisin.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag na ceanglais maidir le fíorú dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na heintitis lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 2, cé is moite de mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[66]. Féadfaidh na micrifhiontair agus na fiontair bheaga agus mheánmhéide tabhairt faoin bhfíorú arna iarraidh sin dóibh. | 2. Beidh feidhm ag na ceanglais ***bhliantúla*** maidir le fíorú dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na heintitis lena mbaineann dá dtagraítear ***in*** Airteagal 2, cé is moite de mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide dá dtagraítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[66]. Féadfaidh na micrifhiontair agus na fiontair bheaga agus mheánmhéide tabhairt faoin bhfíorú arna iarraidh sin dóibh. |
| [66] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36). | [66] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36). |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Fíoróidh an comhlacht um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 iontaofacht, inchreidteacht, comhlíonadh agus cruinneas na sonraí aschuir arna nochtadh ag eintiteas lena mbaineann. | 1. Fíoróidh an comhlacht um measúnú comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 14 iontaofacht, inchreidteacht, comhlíonadh agus cruinneas na sonraí aschuir arna nochtadh ag eintiteas lena mbaineann. ***Déanfar an fíorú go bliantúil ar a laghad, agus i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 13(9).*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (b) foinse nó foinsí na sonraí ionchuir a úsáideadh chun iad a ríomh; | (b) foinse nó foinsí na sonraí ionchuir a úsáideadh chun iad a ríomh, ***agus sciar na sonraí príomhúla a úsáideadh***; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***2a. Fíorófar idirghabhálaithe sonraí ar bhonn cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann a n-algartaim faisnéis atá sórtáilte go dílis a ionchorprú agus a chumasú i gceart de réir astaíochtaí lena n-áirítear í mar rogha réamhshocraithe, chomh maith leis na scagairí nó*** |

***buaicphointí éagsúla a bhaineann le cáilíocht sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 10(2a).***

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina n-úsáideann an t-eintiteas a uirlisí ríomha féin le haghaidh na sonraí aschuir dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 9(1), déanfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta measúnú ar a chomhlíontacht le ceanglais na modheolaíochta tagartha dá dtagraítear in Airteagal 4(1)).*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina sainaithneofar sa mheasúnú fíorúcháin ríomhanna míchearta nó neamhchomhlíonadh Airteagail 4 go 9 den Rialachán seo, cuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta an t-eintiteas lena mbaineann ar an eolas faoi sin ***ar bhealach tráthúil***. Ceartóidh an t-eintiteas an ríomh nó leigheasfaidh sé neamhréireachtaí ansin chun gur féidir an próiseas fíorúcháin a chur i gcrích. | 4. I gcás ina sainaithneofar sa mheasúnú fíorúcháin ríomhanna míchearta nó neamhchomhlíonadh Airteagail 4 go 9 den Rialachán seo, cuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta an t-eintiteas lena mbaineann ar an eolas faoi sin ***gan mhoill***. Ceartóidh an t-eintiteas an ríomh nó leigheasfaidh sé neamhréireachtaí ansin chun gur féidir an próiseas fíorúcháin a chur i gcrích. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Má dhiúltaíonn an t-eintiteas, tar éis dhá fhógra ar a laghad ón gcomhlacht um measúnú comhréireachta, do ríomhanna a cheartú nó neamh-chomhréireachtaí a leigheas maidir le hAirteagail 4 go 9 den Rialachán seo, déanfaidh an t-údarás inniúil, arna iarraidh sin don chomhlacht um measúnú comhréireachta, nós imeachta pionóis a thionscnamh i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 9. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus féadfar a chur san áireamh leo, i measc gnéithe eile, na sochair eacnamaíocha a ghin an t-eintiteas lena mbaineann nó a mheastar a ghinfidh sé ón neamhchomhlíonadh, i gcás inarb infheidhme.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Soláthróidh an t-eintiteas lena mbaineann aon fhaisnéis bhreise don chomhlacht um measúnú comhréireachta a chuirfidh ar a chumas na nósanna imeachta fíorúcháin a dhéanamh. Féadfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta seiceálacha a dhéanamh le linn an phróisis | 5. Soláthróidh an t-eintiteas lena mbaineann, ***laistigh de 30 lá***, aon fhaisnéis bhreise don chomhlacht um measúnú comhréireachta a chuirfidh ar a chumas na nósanna imeachta fíorúcháin a dhéanamh. Féadfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta seiceálacha a dhéanamh le |

| | |
|---|---|
| fíorúcháin chun iontaofacht na sonraí agus na ríomhanna a chinneadh. | linn an phróisis fíorúcháin, ***i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír (9)***, chun iontaofacht na sonraí agus na ríomhanna a chinneadh. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tar éis an fíorú a chur i gcrích, déanfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta, ***i gcás inarb iomchuí***, cruthúnas comhlíontachta a tharraingt suas lena ndeimhneofar go gcomhlíonann na sonraí aschuir na ceanglais lena mbaineann a leagtar amach sa Rialachán seo. | 6. Tar éis an fíorú a chur i gcrích, déanfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta cruthúnas comhlíontachta a tharraingt suas lena ndeimhneofar go gcomhlíonann na sonraí aschuir na ceanglais lena mbaineann a leagtar amach sa Rialachán seo ***agus ina sonrófar an bhfuil sonraí príomhúla á n-úsáid ag an eintiteas***. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Déanfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta lena mbaineann liosta cothrom le dáta a tharraingt suas agus a choinneáil ar bun de na heintitis a ndearnadh an fíorú orthu de bhun mhíreanna 1 go 6. Faoin 31 Márta gach bliain, tabharfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta fógra don Choimisiún faoin liosta sin. | 7. Déanfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta lena mbaineann liosta cothrom le dáta a tharraingt suas agus a choinneáil ar bun de na heintitis a ndearnadh an fíorú ***bliantúil*** orthu de bhun mhíreanna 1 go 6. Faoin 31 Márta gach bliain, tabharfaidh an comhlacht um measúnú comhréireachta fógra don Choimisiún faoin liosta sin. |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** i gcomhréir le hAirteagal ***17*** lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le fíorú na ***sonraí*** aschuir ***agus*** an cruthúnas gaolmhar ar chomhlíonadh. Áireofar sna rialacha sin forálacha a bhaineann leis an bhfianaise dá dtagraítear in Airteagal 10(5), agus na cearta cumarsáide a bhaineann le húsáid na sonraí príomhúla dá dtagraítear in Airteagal 10(4). | 9. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***tarmligthe*** i gcomhréir le hAirteagal ***16*** lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le fíorú ***an dáta*** aschuir, an cruthúnas gaolmhar ar chomhlíonadh ***agus nósanna imeachta pionóis***. Áireofar sna rialacha sin forálacha a bhaineann leis an bhfianaise dá dtagraítear in Airteagal 10(5), agus na cearta cumarsáide a bhaineann le húsáid na sonraí príomhúla dá dtagraítear in Airteagal 10(4). |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh an comhlacht um measúnú comhréireachta neamhspleách ***ar*** eintiteas a dhéanann iarratas ar na gníomhaíochtaí fíorúcháin nó deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagail 11, 12 agus 13. | 2. Beidh an comhlacht um measúnú comhréireachta neamhspleách ar ***aon*** eintiteas a dhéanann iarratas ar na gníomhaíochtaí fíorúcháin nó deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagail 11, 12 agus 13. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(4), Airteagal 4(5), Airteagal ***9(4)*** agus Airteagal 15(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta: dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] | 2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 4(4), Airteagal 4(5), Airteagal ***4(6), Airteagal 5(2a), Airteagal 9(4), Airteagal 13(9)*** agus Airteagal 15(4) don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta: dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(4), Airteagal 4(5), Airteagal ***9(4)*** agus Airteagal 15(4) a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 4(4), Airteagal 4(5), Airteagal ***4(6), Airteagal 5(2a), Airteagal 9(4), Airteagal 13(9)*** agus Airteagal 15(4) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4(4), Airteagal 4(5), Airteagal ***9(4)*** agus Airteagal 15(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse [2 mhí] tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 4(4), Airteagal 4(5), Airteagal ***4(6), Airteagal 5(2a), Airteagal 9(4), Airteagal 13(9)*** agus Airteagal 15(4) i bhfeidhm ach amháin mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraíonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: ***5 bliana*** tar éis an dáta a bheidh an Rialachán infheidhme]. | Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo i bhfianaise na gcuspóirí a shaothraíonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta: ***36 mhí*** tar éis an dáta a bheidh an Rialachán infheidhme]. |
| | ***Áireofar sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1:*** |
| | ***(a) measúnú ar na tionchair ar na heintitis lena mbaineann maidir leis an ualach maorlathach arna chruthú ag cur*** |

| | |
|---|---|
| | ***chun feidhme an Rialacháin seo;*** |
| | ***(b) measúnú ar na tionchair ar chur chun feidhme agus chur i bhfeidhm an Rialacháin seo i bhfianaise na n-oibríochtaí a cuireadh ar fochonradh;*** |
| | ***(c) measúnú ar an tionchar i ndáil leis na dreasachtaí náisiúnta riaracháin, airgeadais nó oibríochtúla a thug na Ballstáit isteach mar a leagtar amach in Airteagal 5, mír 1 b;*** |
| | ***(d) measúnú ar na tionchair a bheadh ag ceanglas sainordaitheach astaíochtaí gás ceaptha teasa a chainníochtú agus a nochtadh, i gcomhréir le rialacha an Rialacháin seo is infheidhme maidir le gach eintiteas a eagraíonn agus a sholáthraíonn seirbhísí iompair.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta: ***42*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 2. Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta: ***24*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Mar sin féin, beidh feidhm ag | 3. Mar sin féin, beidh feidhm ag |

Airteagal 4(4), Airteagal 4(5), Airteagal 4(6), Airteagal ***7(4)***, Airteagal 9(4), Airteagal 11(6), Airteagal 13(9) agus Airteagal 15(4) ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 4(4), Airteagal 4(5), agus Airteagal 4(6), Airteagal ***6(1), Airteagal 7(4), Airteagal 8(1)***, Airteagal 9(4), Airteagal 11(6), Airteagal 13(9) agus Airteagal 15(4) ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.